



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2015
(OR. en)

8346/15

CULT 22
DIGIT 22
REGIO 35
IND 62
SOC 262
EDUC 111
SAN 131

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	8110/15 CULT 21 DIGIT 16 REGIO 29 IND 55 SOC 245 EDUC 109 SAN 111
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le crosmhálartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh - <i>Glacadh</i>

Le linn roinnt cruinnithe dá chuid, d'ullmhaigh an Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha na Conclúidí thuas chun go nglacfar ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt iad an 18-19 Bealtaine 2015. Aontaíonn na toscaireachtaí uile anois maidir lena bhfuil sa téacs.

Iarrtar, dá réir sin, ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air maidir leis na dréacht-Chonclúidí, ag cruinniú an Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha, a dhearbhu agus an téacs a chur faoi bhráid na Comhairle le go nglacfar é agus le go bhfoilseofar é ina dhaidh sin san Iris Oifigiúil.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle
maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun
an nuálaíocht,
an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á AITHINT DI:

1. go bhfuil earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta ina bhfoinse do luach an chultúir agus don luach eacnamaíoch araon. Le blianta beaga anuas, rinneadh obair shuntasach chun earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta a shuí mar chuid dhílis de shochaí agus gheilleagar na hEorpa agus mar fhoinse fáis, post agus rathúnais. Mar sin féin, níor tugadh aitheantas iomlán dá rannchuidiú go fóill, go háirithe ó thaobh chumas an chultúir agus na cruthaitheachta ealaíonta nuálaíocht a spreagadh in earnálacha eile den gheilleagar, sa tsochaí ina hiomláine, agus ar mhaithe le folláine daoine;
2. gur féidir na crosmhalartuithe idir earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta agus earnálacha eile a thuiscint mar phróiseas ina gcuirtear le chéile an t-eolas agus na scileanna a bhaineann go sonrach le hearnáil an chultúir agus le hearnáil na cruthaitheachta mar aon leo siúd atá sna hearnálacha eile d'fhonn réitigh nuálacha agus cliste a ghiniúint le haghaidh dúshláin atá os comhair na sochaí sa lá atá inniu ann;
3. go bhféadfaidh crosmhalartuithe idir an cultúr agus an chruthaitheacht sochar a dhéanamh ar bhonn frithpháirteach do gach earnáil lena mbaineann, más ar bhonn cothrom a ghlacann na hearnálacha páirt;

MEASANN SÍ AN MÉID A LEANAS:

4. féadfaidh réimse leathan sochar a bheith mar thoradh ar chrosmhalartuithe idir earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta agus earnálacha eile¹, lena n-áirítear:
- cúram custaiméirí, sásamh fostaithe agus éifeachtúlacht eagraíochtúil sna hearnálacha gnó agus poiblí a fheabhsú trí pháirt a thabhairt do dhearthóirí, d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cruthaitheacha eile i bhforbairt réiteach nuálach a bheidh soláimhsithe ag an úsáideoir agus trí fhoirne ildisciplíneacha a chur le chéile;
 - feabhas a chur ar fhreastal ag daltaí agus ar an méid a bhaineann siad amach, foghlaim chruthaitheach agus folláine daltaí a chothú agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht tuismitheoirí trí pháirt a thabhairt d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cruthaitheacha i ngníomhaíochtaí scoile;
 - caiteachas míochaine agus rátaí ospidéalaithe a laghdú tríd an mbreoiteacht agus próiseas athshlánú na n-othar a chosc níos fearr de bharr cleachtais ealaíonta agus chruthaitheacha;
 - limistéir na tionsclaíochta agus spásanna uirbeacha a athghiniúint agus turasóireacht a chur chun cinn trí chultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú i straitéisí forbartha fadtéarmacha idir áitiúil agus réigiúnach;

¹ Ar bhonn an Lámhleabhair Beartais maidir le Comhpháirtíochtaí Cruthaitheacha a Chur Chun Cinn, a d'ullmhaigh an Mheitheal um an Modh Oscailte Comhordúcháin (2014), http://ec.europa.eu/culture/library/reports/creative-partnerships_en.pdf

- iompar atá meabhrach ar an gcomhshaol a mhéadú i measc tomhaltóirí agus i measc na dtionscal déantúsaíochta, caitheamh fuinnimh agus úsáid acmhainní a laghdú trí pháirt a thabhairt do dhearthóirí, d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cruthaitheacha maidir le hábhar dramhaíola a athchúrsáil agus a uaschúrsáil chun táirgí nua, nuálacha agus feidhmiúla a chruthú a bhfuil breisluach orthu;
- cuimsiú sóisialta agus an saol pobail a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha agus trí ailtireacht chomhaimseartha, na healaíona agus dearadh a chomhtháthú i spásanna poiblí agus i bhfoirgnimh phoiblí a bhfuil luach cultúrtha agus stairiúil orthu;

AG TABHAIRT AR AIRD AN MÉID A LEANAS:

5. tá easpa feasachta ar na deiseanna a eascraíonn as na healaíona, as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht a chomhcheangal leis an teicneolaíocht agus le heolaíocht agus gnó, agus níl malartú leordhóthanach an dea-chleachtais á dhéanamh ach an oiread. Go háirithe, ní thuigtear i gceart go fóill an éifeacht chatalaíoch a bhíonn ag cultúr agus ealaíon ar an nuálaíocht sna hearnálacha uile, agus ní bhaintear feidhm iomlán aisti dá bhrí sin;
6. is ag na pointí a thrasnaíonn na hearnálacha éagsúla a chéile a tharlaíonn na crosmhalartuithe. Mar sin féin, is minic fós a eagraítear earnálacha agus beartais ar bhonn na tearc-chumarsáide, rud a chuireann teorainn le deiseanna sineirge agus le teacht chun cinn réiteach nuálach. Le go sárófar smaointeoireacht na tearc-chumarsáide agus le go gcuirfear crosmhalartuithe chun cinn, tá gá le cur chuige cuimsitheach straitéiseach a mbeidh na gníomhaithe go léir páirteach ann, is iad sin na húdaráis áitiúla agus na húdaráis ar leibhéal an Aontais;
7. tá gá le sonraí iontaofa agus inchomparáide maidir le crosmhalartuithe cultúir agus cruthaitheachta lena léireofaí agus lena scagfaí an chaoi a rannchuidíonn siad leis an ngeilleagar foriomlán agus an tionchar a bhíonn acu ar an tsochaí i gcoitinne ar gach leibhéal;

8. le scileanna cruthaitheacha agus criticiúla a fhorbairt ar fud an oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, cuirtear ar chumas daoine riachtanais sochaí atá eolas-bhunaithe agus níos éagsúla de réir an lae a chomhlíonadh chomh maith leis na riachtanais a ghabhann le margadh dian saothair atá i gcónaí i mbun a athraithe a chomhlíonadh freisin;
9. ba cheart go spreagfaí le Margadh Digiteach Aonair na hEorpa ábhar d'ardchaighdeán a bhaineann leas as éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch na hEorpa a chruthú agus a chur sa chúrsaíocht agus go bhforálfaí leis do chreat cothromaithe de chearta agus de dhualgais ar fud an tslabhra luacha;
10. is minic a bhraitear infheistíochtaí in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheachta mar infheistíochtaí a mbaineann riosca agus luaineacht leo toisc iad a bheith bunaithe ar shócmhainní doláimhsithe. Tá gá dá bhrí sin le hionstraimí airgeadais nuálaíocha atá dírithe go sonrach ar earnáil an chultúir agus ar earnáil na cruthaitheachta lena gcuirfear neart lena gcumas dul i mbun comhar trasearnála, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

11. feasacht na ngeallsealbhóirí uile a mhúscailt maidir leis an luach sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus sochaíoch atá ag cruthaitheacht agus nuálaíocht trí chomhar trasearnála, go háirithe feasacht lucht ceaptha beartas, na ngairmithe cruthaitheach, na dtionscadal, na ngnólachtaí agus na n-infheisteoirí. Chun na críche sin, tá sé tábhachtach go spreagfaí scaipeadh forleathan na faisnéise faoin dea-chleachtas, faoi thorthaí agus faoi na ceachtanna a foghlaimíodh sa chomhar crosmhalartaithe, chomh maith le faisnéis faoi líonrú saineolaithe agus piarfhoghlaim;

12. smaointeoireacht na tearc-chumarsáide a shárú i réimsí gnáth-bheartais tríd an ealaín, an cultúr agus an chruthaitheacht ealaíonta a chomhtháthú níos fearr i straitéisí le haghaidh fás eacnamaíoch, beartais shóisialta, forbairt uirbeach agus réigiúnach, agus forbairt inbhuanaithe;
13. leanúint ar aghaidh le mapáil beartas agus treochtaí reatha a bhaineann le crosmhalartuithe cultúir agus cruthaitheachta agus le feabhas a chur ar bhailiú sonraí d'fhonn neart a chur le beartais atá fianaise-bhunaithe a cheapadh. Tugtar le tuiscint leis sin nach mór modheolaíochtaí nua a fhorbairt chun crosmhalartuithe cultúir agus cruthaitheachta a chur i gcomparáid le tionscail eile chun a n-ionchur nuálach a aimsiú ar bhealach níos fearr agus a dtionchar forleathan a thuiscint níos fearr;
14. éiceachórais chruthaitheacha agus timpeallachtaí ildisciplíneacha d'earnáil an chultúir agus d'earnáil na cruthaitheachta a chur chun cinn trí struchtúir amhail ionaid nuálaíochta agus ghnó, luasairí nuathionscanta, gorlanna, moil chruthaitheachta, spásanna comhoibre, agus cláir líonraithe;
15. braislí agus líonraí trasearnála cultúrtha agus cruthaitheacha a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun onnmhairí cultúrtha agus cruthaitheacha a threisiú agus chun feabhas a chur ar rochtain ar mhargaí nua;
16. spreagadh a thabhairt d'úsáid na nuálaíochta neamh-theicneolaíochta, sóisialta agus seirbhíse sna tionscail thraidisiúnta mar shampla tríd an gcineál smaointeoireachta a dhéanann dearthóirí² a thabhairt isteach sna tionscail sin chomh maith le cruthaitheacht atá bunaithe ar chultúr;
17. earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta a spreagadh chun tairbhe a bhaint as deiseanna a eascróidh as an Margadh Digiteach Aonair a bheidh ann amach anseo;

² D'fhéadfaí a rá gurb éard is smaointeoireacht den chineál a úsáideann dearthóirí smaointeoireacht a dhíríonn ar réiteach, a thosaíonn le haidhm (staid a bheidh níos fearr amach anseo) seachas a bheith ag iarraidh fadhb shonrach a réiteach. Cuirtear ar fáil léi cur chuige cuimsitheach agus cruthaitheach ar féidir í a chur i bhfeidhm ar réimse leathan cásanna, go háirithe cásanna casta nó nach rabhthas ag súil leo.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO LEANAS A DHÉANAMH:

18. crosmhálartuithe cultúrtha agus cruthaitheacha a spreagadh ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach, bunaithe, más féidir, ar na tionscnaimh atá ann cheana, i ndlúthchomhar le hoibreoirí áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí agus gnólachtaí. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar bhraislí ildisciplíneacha a chruthú le rannpháirteachas gníomhach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach;
19. tacú le tionscnaimh chomhpháirteacha lena spreagtar tacaíocht chomhpháirteach d'earnáil an chultúir agus d'earnáil na cruthaitheachta d'fhonn an tearc-chumarsáid earnálach a shárú agus d'fhonn cuir chuige straitéiseacha cuimsitheacha a fhorbairt;
20. nuair atáthar ag déileáil le saincheisteanna casta agus nuair atá seirbhísí éifeachtúla atá dírithe ar an úsáideoir á bhforbairt, cur chuige na smaointeoireachta a dhéanann dearthóirí a spreagadh san earnáil phoiblí³;

³ Bunaithe ar "Plean Gníomhaíochta a Chur Chun Feidhme maidir le Nuálaíocht atá faoi réir ag Dearadh" (SWD (2013) 380 final).

21. cúinsí fabhracha a chur chun cinn d'earnáil an chultúir agus d'earnáil na cruthaitheachta chun a gcumas a fhorbairt tuilleadh i gcomhthéacs comhpháirtíochtaí crosmhálartuithe, lena n-áirítear trí na moltaí ó Chomhghuaillíocht Eorpach na dTionscal Cruthaitheach⁴ a bhreithniú, trí bhearta iomchuí lena n-áirítear:
- ionstraimí nuálacha airgeadais a chur in oiriúint do riachtanais agus do shainiúlachtaí na n-earnálacha, amhail scéimeanna cruthaitheacha dearbhán nuálaíochta⁵, síolchaipiteal⁶, slua-chistiú, sásraí le haghaidh ráthú iasachtaí, cistí caipitil riosca (amhail aingil ghnó agus caipiteal fiontair) agus ranníocaíochtaí is inaisíochta⁷ ionas go ndéanfar tacaíocht airgeadais d'earnáil an chultúir agus d'earnáil na cruthaitheachta a éagsúlú. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar threoirthionscadail lena gcothaítear dul i mbun turgnaimh agus dul i riosca mar bhealach chun dlús a chur leis an nuáil;
 - ardáin le haghaidh malartú agus oiliúint d'infheisteoirí chun a bhfeasacht ar acmhainneacht earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta a mhúscailt, agus do na daoine gairmiúla a oibríonn sna hearnálacha sin d'fhonn a gcuid scileanna bainistíochta agus gnó a fhorbairt;

⁴ Is tionscnamh beartais chomhtháite í Comhghuaillíocht Eorpach na dTionscal Cruthaitheach (ECIA) a bhunaigh an Coimisiún agus a bhí i bhfeidhm ó 2012 go dtí 2014. Bhí sé mar aidhm léi ionstraimí beartais nuálacha nua a thástáil agus a athbhreithniú do thionscail chruthaitheacha agus moltaí nithiúla a eisiúint.

⁵ Is ionann scéimeanna dearbhán nuálaíochta cruthaitheacha agus méideanna beaga creidmheasa a sholáthraíonn rialtais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun seirbhísí a cheannach lena dtugtar nuáil isteach (táirgí nua, seirbhísí nua nó próisis nua) in oibríochtaí dá gcuid (moladh ECIA).

⁶ Dirítear le síolchaipiteal ar thacú le cuideachtaí agus iad i mbun bogadh ó chéim na smaointeoireachta nó na fréamhshamhla go dtí céim theacht isteach an chéad ioncaim thráchtála. Dirítear leis ar na céimeanna luatha a ghlacann cuideachtaí nua nuálacha i gcás gur ard an riosca.

⁷ Is uirlis nua iad ranníocaíochtaí inaisíochta arna maoiniú ag údarais phoiblí. Maidir le tionscadal a roghnaítear, faigheann sé maoiniú dúbailte arb é atá ann iasacht ar neamh-chostas agus "ranníocaíocht inaisíochta" i gcomhthráth, ar ranníocaíocht í a aisíocfaidh an chuideachta is tairbhe go hiomlán nó go páirteach, de réir mar a fheidhmíonn an chuideachta le linn na tréimhse saothraithe (moladh ó ECIA).

22. forbairt scileanna idirdhisciplíneacha a chur chun cinn, amhail an chruthaitheacht, an fheasacht chultúrtha, agus an fhiontraíocht san oideachas foirmiúil agus san fhoghlaim neamhfhoirmiúil. Cuir chuige trasearnála a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, idir réimsí éagsúla laistigh d'institiúidí ardoideachais, mar shampla trí chláir chomhpháirteacha idir na healaíona agus an cultúr, an eolaíocht, an innealtóireacht, an teicneolaíocht, an gnó agus réimsí ábhartha eile;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

23. cur chuige straitéiseach cuimsitheach a fhorbairt chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoi fhorbairt thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, agus béim á leagan ar an ról foriomlán atá acu sa phróiseas nuála ar fud na dtionscal uile;
24. faisnéis faoi chláir agus faoi mhaoiniú an Aontais atá ann cheana a chur níos fearr in oiriúint agus a scaipeadh d'earnáil an chultúir agus d'earnáil na cruthaitheachta d'fhonn crosmhalartuithe le réimsí eile beartais a threisiú;

25. féachaint an bhféadfaí leas a bhaint as cistiú atá ann cheana agus atá ar fáil faoi chlár de chuid an Aontais, amhail Fís 2020, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Erasmus +, COSME agus Eoraip na Cruthaitheachta, do thionscadail chrosmhalartuithe atá dírithe, mar shampla, ar na nithe seo a leanas:
- tacú le foirne ildisciplíneacha d'ealaíontóirí, de thaighdeoirí agus de theicneolaithe;
 - tacú níos fearr le nuáil neamh-theicneolaíoch, le nuáil shóisialta agus le nuáil seirbhíse;
 - scileanna idirdhisciplíneacha a fhorbairt, amhail smaointeoireacht chriticiúil agus tionscnaíocht;
 - tacú le cleachtas ealaíonta i bhforbairt uirbeach mar chuid den scéim cathracha cliste agus cruthaitheacha;
 - cur chuige a chothú atá dírithe ar an úsáideoir agus seirbhísí poiblí á nuachóiriú, e.g. trí chur i bhfeidhm na smaointeoireachta a dhéanann dearthóirí;

agus dul ar aghaidh gan mhoill leis na gníomhaíochtaí ullmhúcháin is gá chun tús a chur leis an tSaoráid Ráthaíochta d'Earnáil an Chultúir agus d'Earnáil na Cruthaitheachta⁸ in 2016;

26. leanúint den obair a thionscnaigh seirbhísí dá chuid, amhail Eurostat agus an tIonad Comhpháirteach Taighde chun faisnéis agus sonraí a tháirgeadh maidir leis an tairbhe d'earnálacha eile eacnamaíocha mar aon le réimsí eile beartais, agus don fhás i gcoitinne, a bheadh ag gabháil le crosmhalartuithe cultúrtha agus cruthaitheachta.

COMHAONTAÍONN SÍ

27. breithniú a dhéanamh ar na Conclúidí seo in 2018. Is é is aidhm don bhreithniú sin meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bheidh déanta ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún maidir le hobair leantach na gConclúidí⁹. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le foirm agus raon feidhme an chleachtais sin, agus ba cheart é a bheith simplí agus fóinteach.

⁸ Is ionstraim airgeadais a bunaíodh le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014-2020) í an tsaoráid ráthaíochta d'earnáil an chultúir agus d'earnáil na cruthaitheachta. Is é an aidhm atá léi rochtain ar airgeadas a éascú do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide mar aon le micri-eagraíochtaí agus eagraíochtaí beaga agus meánmhéide atá ag feidhmiú in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheacha.

⁹ Áirítear ar na samplaí roimhe seo an breithniú a rinneadh ar na conclúidí ón gComhairle a bhí ann in 2012 maidir le rialachas cultúir, a rinneadh in 2015.